

Straitéis rannpháirtíochta

Cé muid féin

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Cuntas freagrach as caiteachas agus ioncam an rialtais láir a iniúchadh agus as bainistíocht agus úsáid acmhainní poiblí a scrúdú.

Tuairiscíonn C&AG torthaí na hoibre do Dháil Éireann. Ar an mbealach seo, tacaíonn an C&AG leis an bpróiseas rialaithe agus cuntasachta parlaiminte le tuarascálacha an C&AG atá mar bhonn ar a dtugann comhlachtaí poiblí cuntas os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí. Tá an C&AG neamhspleách ar an rialtas agus is sealbhóir oifige bunreachtúil é, arna cheapadh ag an Uachtarán ar ainmniú ó Dháil Éireann.

Cuidíonn Oifig an C&AG leis an C&AG ina fheidhmeanna reachtúla agus státsheirbhísigh is ea a fhoireann. Is cuntasóirí cáilithe nó páirtcháilithe iad na baillfoirne a dhéanann obair iniúchta agus tuairiscithe.

Clúdaíonn ár ról iniúchta poiblí 290 tacar ráiteas airgeadais agus cuntas arnadtáirgeadh ag comhlachtaí poiblí. Le chéile, tá idirbhearta airgeadais ag na comhlachtaí sin ar fiú os cionn €270 billiún iad d'airgead poiblí gach bliain.

Is é ár bpríomhfhócas tacú leis an bpróiseas trína dtugtar comhlachtaí poiblí agus cinnteoirí chun chuntais maidir le húsáid acmhainní poiblí trí dhearbhu neamhspleách a sholáthar maidir le bainistíocht airgeadais, feidhmíocht airgeadais, rialachas agus cuibheasacht i seoladh gnó poiblí, agus luach ar airgead laistigh de sheirbhísí poiblí. Déanaimid iarracht freisin luach a chur leis na heagraíochtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu trí anailís agus moltaí a sholáthar le tacaíocht ó fhianaise shoiléir, ní amháin maidir lena bhfeidhmíocht aonair ach freisin maidir le téamaí crosghearrthacha agus dea-chleachtas a aithint maidir le húsáid acmhainní ar fud na seirbhíse poiblí.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoinár ról, cumhachtaí agus obair ar láithreán gréasáin www.audit.gov.ie

Clár Ábhar

Réamhra	4
Ár bPáirtithe leasmhara	5
Ár nGníomhaíochtaí Rannpháirtíochta	8

Réamhrá


Cuspóir agus raon feidhme na straitéise rannpháirtíochta seo

Tá cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach ag croílár sheachadadh ár sainordaithe. Leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2021 - 2025 príomhghníomhartha chun cur ar ár gcumasár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach chun difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus don phobal.

Comhlánaíonn an straitéis rannpháirtíochta seo ráiteas straitéise na hOifige. Aithníonn sé ár bpríomhpháirtithe leasmhara, na cúiseanna a mbímid i dteagmháil leo agus na modhanna nó nabealaí a úsáidfimid chun teagmháil a dhéanamh leo. Tabharfaimid tuairisc gach bliain ar an gcaoi a rinneamar é seo.

Ár bpáirtithe leasmhara

Bímid ag plé le raon leathan páirtithe leasmhara



Cé hiad ár bpáirtithe leasmhara agus cén fáth a dteastaíonn uainn teagmháil a dhéanamh leo?

Tá ár gcuid oibre tábhachtach don phobal maidir le dearbhú a thabhairt ar an gcaoi a dtugann comhlachtaí poiblí cuntas ar a gcaiteachas agus ar a n-ioncam agus maidir le tuairisciú a dhéanamh i gcás ina bhfaighimid amach nár chaith comhlachtaí poiblí airgead poiblí go maith nó de réir na leibhéal ionracais is airde

Agus an obair seo á déanamh againn, bímid i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara. Ba mhaith linn a bheith soiléir faoin bhfáth go bhfuilimid ag plé leis na páirtithe leasmhara seo agus faoi na teachtaireachtaí a theastaíonn uainn a chur in iúl dóibh. Níos tábhachtaí fós, ba mhaith linn a chinntiú go bhfuilimid soiléir maidir lenár gcuspóir agus lenár ngníomhaíochtaí, agus cad a chiallaíonn sé seo dóibh.

Ach aithnímid go mbeidh riachtanais gach páirtí leasmhara — agus an chaoi a bhféadfaidís úsáid a bhaint as ár gcuid oibre chun a bhfreagrachtaí féin a chomhlíonadh — difriúil. Mar sin úsáidfimid bealaí éagsúla chun teagmháil a bheith againn le páirtithe leasmhara éagsúla. Tá feidhm leis seo freisin i gcás go dtugann comhlacht faoi chatagóir amháin nó níos mó de pháirtí leasmhara.

Seachas ár dteachtaireacht fhoriomlán maidir le béim a leagan ar ár n-oibleagáid neamhspleáchais agus tuairiscithe do Dháil Éireann, tá teachtaireachtaí againn atá ábhartha do gach páirtí leasmhara.

Dáil Éireann



Tuairiscítear torthaí ár gcuid oibre, a dhéantar ar bhealach neamhchlaonta agus neamhspleách, do Dháil Éireann. Is é an Coiste um Chuntais Phoiblí an comhlacht i nDáil Éireann atá freagrach as tuarascálacha an C&AG a bhreithniú agus trínár dtuarascálacha tacaímid le grinnscrúdú daonlathach ar chuntasaíocht agus úsáid acmhainní poiblí ag ranna rialtais láir agus comhlachtaí poiblí. Ba mhaith linn cabhrú le baill a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

Comhlachtaí iniúchta



Tá comhlachtaí poiblí freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú lena dtaifeadtar a gcuid caiteachas, ioncam agus a staid airgeadais. Déanaimid iniúchadh ar na ráitis airgeadais sin de réir ár bhfreagrachtaí reachtúla. Tá seachadadh iniúchta éifeachtúil agus tráthúil na ráiteas airgeadais lárnach sa mhéid a dhéanaimid agus bíonn go leor rannpháirtíochta leis na comhlachtaí atá i gceist, lena n-áirítear coistí bainistíochta sinsearaí agus iniúchta.

Tá sé tábhachtach mar sin do chomhlachtaí go bhfuilimid soiléir, cuiditheach agus tráthúil maidir le torthaí ár gcuid oibre a chur in iúl ionas gur féidir leo a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. Glacaimid páirt freisin roimh thuarascálacha poiblí d'fhonn cruinneas fórasach ár dtorthaí a dhearbú agus deis a thabhairt don chomhlacht freagairt.

Comhlachtaí Maoirseachta



Tá ról tábhachtach ag ranna rialtais láir agus údaráis mhaoinithe maidir le maoirseacht a dhéanamh ar úsáid cistí poiblí ag gníomhaireachtaí iartheachacha agus soláthraithe seirbhíse. Sa chás go bhfuil sainordú iniúchta nó cigireachta againn maidir leis na gníomhaireachtaí iartheachacha nó na soláthraithe seirbhíse, ba mhaith linn torthaí ár gcuid oibre a chur in iúl, nuair is ábhartha, chun cabhrú le feidhmíocht in úsáid acmhainní poiblí agus i maoirseacht a fheabhsú.

Ba mhaith linn teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí maoirseachta ar bhealach tráthúil agus cuiditheach chun cabhrú le comhlachtaí maoirseachta a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

Comhlachtaí gairmiúla agus acadúla



Is féidir linn leas níos mó a bhaint as saineolas agus taithí eagraíochtaí gairmiúla agus acadúla chun cabhrú linn ár spriocphobail a thuiscint níos fearr agus chun ár gclúdach a mhéadú. Is féidir le comhpháirtithe cabhrú linn ár dteachtaireachtaí agus ár n-aschuir a scaipeadh, agus ár gclúdach á leathnú, agus ár n-údarás leis na spriocphobail sin a thógáil.



Meáin phreasa agus chraolta

Tá ról tábhachtach ag na meáin maidir le torthaí ár gcuid oibre a chur in iúl don phobal i gcoitinne. Tarraingimid aird na meán ar thuairiscí nuafoilsithe, chomh maith le mionsonraí faoin duine/na daoine is fearr atá in ann cabhrú le haon cheisteanna.



An pobal i gcoitinne

Cuirimid ár gcuid oibre agus ár rannchuidiú leis an tseirbhís phoiblí chun cinn d'fhonn iarrthóirí ar spéis leo a bheith ina gcuntasóirí gairmiúla a mhealladh nó chun a ngairmeacha gairmiúla san iniúchadh poiblí agus obair luach ar airgead a fhorbairt.

Ó am go ham, déanann baill den phobal nó fostaithe de chuid comhlachtaí poiblí nochtadh maidir le húsáid acmhainní poiblí nó féadfaidh siad ceisteanna a ardú linn. Déanfaimid iarracht freagairt do nochtuithe agus iarratais ar fhaisnéis tríd ár ról a mhíniú, agus meas againn ar ár bhfreagrachtaí reachtúla rúndacht cliant a choinneáil agus tuairiscí do Dháil Éireann agus sin amháin ar thorthaí na hoibre.



Údaráis reachtúla

Tá freagrachtaí orainn atá leagtha amach i reacht nó trí chleachtas fadbhunaithe ceisteanna tromchúiseacha a bhaineann le héagóir a thuairisciú d'údaráis ábhartha a bhfuil freagracht reachtúil orthu. Mar shampla, tá ábhair a bhaineann le héilliú nó calaois amhrasta in-tuairiscithe don Gharda Síochána agus tá cionta amhrasta faoi dhlí na gcuideachtaí in-tuairiscithe d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Oibreoidimid go dlúth le húdaráis reachtúla nuair a shainaithnímid nithe den sórt sin mar chuid dár gcuid oibre iniúchta. Ina theannta sin, tá oibleagáidí tuairiscithe ag an Oifig aeascaíonn óna hoibríochtaí corparáideacha féin.



Iniúcháirí poiblí eile

Déanaimid iniúchadh i gcomhar lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann ar na comhlachtaí a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá roinnt iniúcháirí poiblí eile le freagrachtaí as iniúchadh cistí poiblí in Éirinn. Mar shampla, tá Cúirt Iniúcháirí na hEorpa freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chistí Eorpacha agus déanann an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil iniúchadh ar údaráis áitiúla. Rachaimid i dteagmháil go cuiditheach le hiniúcháirí poiblí eile chun a sainordú a chomhlíonadh. Mar an t-iniúcháir poiblí náisiúnta, coinnímid caidrimh le comhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla agus le comhghleacaithe i ndlínsí eile. Inár gcáil mar iniúcháir poiblí náisiúnta, coinnímid caidreamh ar bun le comhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla agus le comhghleacaithe i ndlínsí eile, amhail Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta (INTOSAI).




Gairm iniúchta agus eile

Déanaimid teagmháil freisin le raon leathan eagraíochtaí agus comhlachtaí eile a dhéanann ionadaíocht ar ghairmithe iniúchta chun dea-chleachtas a chur chun cinn san iniúchadh poiblí agus i mbainistiú cistí poiblí agus chun obair na hOifige a chur chun cinn mar eagraíocht tharraingteach do chuntasóirí gairmiúla.

Bíonn ár liosta páirtithe leasmhara á athbhreithniú go leanúnach chun freagairt d'athruithe i dtimpeallacht na hearnála poiblí.

Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta

Bainfimid úsáid as modhanna iomchuí chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara ag brath ar an teachtaireacht agus ar an lucht spéise



Feicimid go bhfuil trí chuspóir lenár rannpháirtíocht:

- Cuir in iúl — faisnéis a chur in iúl.
- Dul i gcomhairle — faisnéis a thabhairt agus tuairimí a lorg.
- Comhoibriú — faisnéis a thabhairt, tuairimí a lorg agus oibriú go gníomhach le chéile.

Is iomaí bealach nó uirlis is féidir linn a úsáid inár rannpháirtíocht. Is fearr a oireann cuid acu do chineálachaáirithe gníomhaíochta nó do ghrúpaí páirtithe leasmhara áirithe.

D'fhéadfadh ár rannpháirtíocht a bheith rialta, mar shampla ár bhfreastal mar fhinné ar an PAC nó cruinnithe tréimhsiúla le coistí iniúchta. D'fhéadfadh sé gur gníomhaíocht aonuaire ar leith a bheadh igceist, áfach, mar shampla imeacht léargas iniúchta.

Bímid i gcónaí ag lorg scóip a bheith nuálaíoch agus mar sin déanfaimid machnamh gníomhach ar bhealaínua rannpháirtíochta mar theicneolaíocht bunaithe ar an ngréasán a úsáid.

Cad faoi a ndéanaimid plé?

Bímid ag plé le grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla ar chúiseanna éagsúla.

Is é ár gcoáimhisean an oiread luach agus is féidir a chur le seirbhís poiblí in Éirinn trí sheirbhísí iniúchta arardchaighdeán a sholáthar, dírithe ar úsáid airgid agus acmhainní poiblí a fheabhsú, agus ar chuntasacht poiblí a neartú. Déanaimid é seo trí pháirtithe leasmhara a chur ar an eolas trínár dtuarascálacha poiblí a sholáthraíonn anailís agus moltaí, ní amháin maidir lena bhfeidhmíocht aonair ach freisin maidir le téamaí crosghearrthacha agus dea-chleachtas maidir le húsáid acmhainní ar fud na seirbhísepoiblí a aithint.

Ba mhaith linn iad a chur ar an eolas freisin maidir lenár luachanna, straitéisí, pleananna agus feidhmíocht.

Oibrímid leis an bpreas agus leis na meáin freisin chun feasacht ar ár gcuid oibre a threisiú i measc páirtithe leasmhara lena n-áirítear an pobal. Tugaimid freagra ar fhiosrúcháin ó na meáin chun tuiscint níos fearr ar ár dtuarascálacha a éascú agus chun faisnéis inár dtuarascálacha a shoiléiriú. Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo an mhodheolaíocht a glacadh i scrúdú nó na modhanna a glacadh chun figiúirí áirithe a ríomh. Toisc gurb é an PAC an fóram chun cuntasacht phoiblí dhaonlathach a chur i bhfeidhm ar chuntais chomhlachtaí poiblí agus go dtuairiscíonn sé do Dháil Éireann, ní dhéanaimid trácht ar ábhair roimh chruinnithe an Choiste, nó ina ndiaidh.

Téimid i gcomhairle le gnéithe áirithe dár gcuid oibre, nó lorgaimid aiseolas fúthu. Mar shampla, rachaimid i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara agus ár straitéis á hultmhú agus á hathnuachan, ina leagfar amach príomhghníomhartha straitéiseacha thar mheántearma. Uaireanta bíonn cúis shonrach agcomhlachtaí agus teastaíonn uathu teagmháil a dhéanamh linn maidir le saincheist beartais nó athchóiriú seirbhísí.

Comhoibrímid le raon páirtithe leasmhara cibé acu trí léargais iniúchta a roinnt nó treo dea-chleachtais a fhorbairt i mbainistíocht agus in úsáid acmhainní poiblí. Ó am go ham comhoibrímid ar obair i gcomhar le hiniúcháir eile mar eagraíochtaí comhghleacaithe idirnáisiúnta ar ábhair a bhaineann lenár sainordú.

Cad iad na mionsonraí maidir lenár bpríomhrannpháirtíocht le páirtithe leasmhara?

Tá cur síos níos mionsonraithe déanta againn thíos ar a bhfuilimid ag plé le gach ceann dár bpríomhrannpháirtithe leasmhara agus cathain a bhíonn an ghníomhaíocht rannpháirtíochta seo ar siúl. Tabharfaimid tuairisc ar ár bhfeidhmíocht de réir príomh-mhéadrachtaí gach bliain.

Páirtí leasmhar	Cad	Conas	Cathain
Dáil Éireann	Tuarascáil bhliantúil ar chuntais na gCuntas seirbhísí poiblí agus leithreasa	Tuarascáil a fhoilsiú Freastal ar PAC agus fianaise don PAC	Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair
	Tuairimí iniúchta ar chuntais chomhlachtaí poiblí a ndéanann an C&AG iniúchadh orthu	Freastal ar PAC agus fianaise dó	Nuair a leagann Aire ábhartha an rialtais nacuntais iniúchta os comhair Dháil Éireann
	Tuarascálacha ar scrúduithe	Freastal ar PAC agus fianaise dó	Nuair a leagann antAire rialtais ábhartha an tuarascáil os comhair DháilÉireann
Comhlachtaí iniúchta	Tuairim iniúchta ar na cuntais	Tuairisc a chur faoi bhráid an chomhlachta	Tar éis don chomhlachtna cuntais a cheadú
	Straitéis iniúchóireachta	Doiciméad scríofa agus/nó ó bhéal leis an gcoiste bainistíochta nó iniúchta	Ag céim thosaithe aniniúchta
	Cuirtear torthaí iniúchta ar easnaimh rialaithe in iúl tar éis freagraí na bainistíochta a mheas mar aon lenár moltaí maidir le feabhsúchán	Doiciméad scríofa agus/nó ó bhéal leis an gcoiste iniúchta	Cuirtear mórchinntí in iúl roimh thuairim an iniúchta; cuirtear easnaimh rialaithe in iúlgo foirmiúil tar éis an iniúchta
	Léargais iniúchta a roinnt	Trí imeachtaí earnála, cuid a bhaineann le léargais iniúchta ar an láithreán gréasáin	Tréimhsiúil
Comhlachtaí maoirseachta	Saincheisteanna suntasacha nach mór an-aird a thabhairt orthu	Doiciméad ó bhéal nó scríofa	De réir mar is gá
Meáin Phreasa agus Chraolta	Preasfhógra	Láithreán gréasáin, ríomhphost agus na meáin shóisialta roghnaithe	Ar fhoilsiú na tuarascála
	Réamhfhógra sna meáin	Ríomhphost	Lá roimh fhoilsiú na gcuntas leithreasa
	Iarrataí ar fhaisnéis	Ríomhphost nó ó bhéal	Arna iarraidh sin

Páirtí leasmhar	Cad	Conas	Cathain
An pobal i gcoitinne	Tuarascálacha foilsithe	Láithreán gréasáin agus meáin shóisialta roghnaithe	Arna fhoilsiú ag C&AG
	Ár ról, sainordú agus feidhmíocht	Láithreán gréasáin, na meáin shóisialta roghnaithe, aoi-léachtaí	Leanúnach
	Deiseanna gairme	Láithreán gréasáin, na meáin shóisialta roghnaithe, aontaí earcaíochta	Leanúnach
	Nochtuithe faoiéagóir	Comhfhreagras i scríbhinn, cruinniú óbhéal agus/nó duinele duine	Ar nochtadh a fháil
	Iarrataí ar fhaisnéis	Cumarsáid i scríbhinn, ríomhphost nó ó bhéal	Arna iarraidh sin
Udaráis reachtúla	Saincheisteanna suntasacha nach mór a n-aird a thabhairt orthu	Doiciméad ó bhéal nó scríofa	De réir mar is gá
Iniúcháirí poiblí eile	Comhoibriú ar réimsícomhleasa mar shampla réimsí iniúchta tras-dlínse	Comhobair ar iniúchadhagus/nó scrúduithe	Gach bliain ar iniúchtaí Thuaidh Theas
	Malartú taithí, léargaisa roinnt, forbairtí idirnáisiúnta eile	Rannpháirtíocht i gcoistí, grúpaí oibre, comhdhálacha agus cláir mhalartaithe foirne	Ó am go ham nuair a thagann cúrsaí chun cinn nó mar fhreagairtar iarratais Leanúnach

Gairm iniúchta agus eile	Comhoibriú ar ábhair dea-chleachtais ar nós forbairt treorach	Grúpaí oibre nó comhdháil	Leanúnach
	Freastal ar fhóiraim idirnáisiúnta lena ndéantar ionadaíocht arÉirinn	Rannpháirtíocht ag comhdhálacha, srl	Leanúnach
	Rannpháirtíocht le comhlachtaí cuntaíochta maidir le baill foirne agus mic léinn	Idirchaidreamh a dhéanamh ar riachtanais cháilíochta, próiseas scrúdaithe agus forbairt ghairmiúil leanúnach	Leanúnach
	Teagmháil le comhlachtaí gairmiúla agus acadúla ábhartha	Idirchaidreamh a dhéanamh maidir leis an líon áiteanna intéirneachta agus aoichainteoirí a mhéadú agus chun ár gclúdach a leathnú go ginearálta.	Leanúnach